Íoc sa mBóraimhe ag cloinn Chuinn

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 18]

Tuathal Ó hUiginn cct

1 Íoc sa mbóraimhe ag cloinn Chuinn
a-tá mar tugadh romhuinn;
do ghabh síol gCuinn mar chomha
síodh do bhuing sa mbóromha.

2 Dá n-innisear ní hiul cam
dá gach fhios dá ríoth romham
láimh re cion na ríogh roimhe
ciodh fa mbíodh an bhóroimhe.

3 Dá inghin - is aithnidh dhamh -
rugadh do Thuathal Teachtmhar;
fa séan imreasna más fhíor
sgéal na n-ingheansa an airdríogh.

4 D'fheis le hinghin aca sin
téid an rí fa rí ar Laighnibh;
táinig bás na deise dhi
an fheisse nír chás coimse.

5 Tugadh a rogha dhíbh dhó;
dar leis féin - fa fáth iarghnó -
an díogha thánaig 'n-a theagh
an cháraid mhíolla maighdean.

6 Siur na mná - fa mana uilc -
a-rís a rogha tochmhuirc;
béad nach hí thug ar tosaigh
an tí rug an roghosain.

7 Nar bheo an bhean do bhí gun fhior
is é do ráidh rí Laighean;
ceilis an siair fa sine,
beiris 'n-a diaidh Dairfhine.

8 Éag do náire do-ní sin
an inghean dar ainm Fidhir;
do-chuaidh a siur ar a son
mar fuair iul ar a hadhbhor.

9 D'oighidh na mban leath ar leath
tángas re treise Laighneach;

créidhim im bhás an dá bhan
d’fhás ar Éirinn nírbh iongnadh.

10 Rí Éireann - anba an comha -
díbh gur bhean an bhóromha
do leath ar Laighnibh a líon;
do ba breath aingidh airdríogh.

11 Le hAodh Ó Néill do badh náir
gan é nó a éaruic d’fhagháil
ar bhean díobh an chlainnsin Chuinn
i n-aimsir na ríogh romhuinn.

12 Muna fhaghbhadh Aodh Buidhe
uatha íoc na bóruimhe
ní thibhreadh grás is an ngníomh
bás dá inghean an airdríogh.

13 Fuair gan uille gan easbhaidh
éaraic an dá ingheansain;
do-righneadh síodh ar a son,
’s ní hinghean díobh do díoladh.

14 Éinbhean is íoc ionnta sin
do gabhadh leis ó Laighnibh;
an síoth nochar aomh uadha
le hAodh go bhfríoth Fionnghuala.

15 Do thuig féin a feabhas soin
d’íoc i n-inghionaibh Tuathoil;
nír shir sé acht an bheansa a-bháin
gér phearsa é dá fhagháil.

16 Ní hé nach fuighbheadh an fear
a chomhtha ó chúigeadh Laighean
mun budh mó an riar fa raibhe
dó do bhiadh an bhóraimhe.

17 Síoth Laighean is Leithe Cuinn
’n-ar fhás d’aimhréidhibh eadruinn
do-ní an lacha ó linn Muaidhe
is rinn chatha Craobhruaidhe.

18 Maith a séan d’fheis le ar-oile
Fionnghuala is flaith Bóroimhe;
Éire as a n-oineach is fearr
dá shoidheach fhéile Éireann.

19 Is meadh chomhthrom dá chéile

mac Briain is a bhainchéile
tríd nach claon meadh don dá mheidh
fear mar Aodh i n-a haigheidh.

20 Mar théid - ní teisd nach ceannchair -
nós Aodha tar Éireannchaibh,
cur mná tairse nach tualaing
a-tá d’aidhbhse ar Fhionnghualainn.

21 Ós a gcionn dá gcuirthe an bhean
ní mímheas ar mhnáibh Laighean;
dá ndeachadh se tarsa troigh
ní masla é le hUltaibh.

22 Na mic ríoghsa cloinne Cuinn
lerbh áil a gcur ’n-a chonchloinn
téid sé ar méid tar a modhaibh
a dtéid ré tar réaltonaibh.

23 Ó aois leinibh - lór do bhladh -
tig tríthe méin a máthar;
suil do loigh sí i n-iomdhaidh fhir
do bhí re n-iodhnaibh einigh.

24 Lucht a chaithmhe nír chubhaidh
ar cíos chúigidh Chonchobhair;
freagra a fhéile ar-aon madh áil
Éire ag Aodh ní budh fhoráil.

25 Ní fhreagair ríghe dá méad
eineach inghine Mairgréag;
an innisse na dtrí dtonn
sí dá cridheise is cumhong.

26 A thonn meanman sa mhéid mhóir
fuair Aodh [a oiread] d’onóir;
an cridhe ’s a mhéid mheadhóin
téid tar fhine Éireamhóin.

27 Gur gabhadh ionad aige
i gcroidhe na cáraide
ní fhuil soidheach as dhíol dó
ag oineach na ríogh rompo.

28 Tig tre ealaidh Inse an Laoigh
tonn einigh ó fhuil Chathaoir,
cuisle um nach toirinn an tonn
’n-a fuilse ó Oilill Ólam.

29 Niall Glúndubh - glan an mianach -
Niall Caille is Niall Naoighiallach,
fuair an rí d’fhéile is d’eangnamh
tréidhe na dtrí dtighearnadh.

30 Fréamh uimpe ní haithnidh dhamh
acht fuil airdríogh ná iarladh;
ní hiongnadh is truime a tuair
go dtiobhradh uirre an anbhuain.

31 Dá leana Aodh is é an ceart
an chuid eile don oidhreacht
fuair féile na ríogh roimhe
síol an réime ríoghroidhe.

32 Ní léir dóibh an díoghbháil chruidh
Aodh is inghean an Chalbhuigh;
eire a n-oinigh leath ar leath
le croidhibh eile is aidhbhseach.

33 Tobar féile ag foghail shéad
tig innte ó eineach Mairgréag;
sa mnaoi nír thráigh an tobar,
do-cháidh faoi dá fothrogadh.

Note that the next three qts are identical to pm1565a qts 3-5

34 Iomdha ceard ina cosmhail
Aodh is an Brian Ballachsain;
cuing nar iomchair a athair
iomchraidh ó Chuinn chéadchathaigh.

35 Géag do choillidh Chathaoir Mhóir
doirtis an cnuas an chéadóir,
bean gan taom mion meanma,
craobh a fiodh na fíneamhna.

36 Rí don fhuil uasail fhíre
a-tá ag tuar na hairdríghe;
fíon gan deasga is eadh a fhuil,
díol as cneasda ar teagh Tuathuil.

37 Gan gheall na deise do dhul
d’Úna is d’Fhéilimidh Reachtmhar
an bhean fhuil ag Aodh Buidhe
’s an chraobh ar Muigh Mucruimhe. Íoc.